

# *Plean Straitéiseach 2012 – 2014*

Ré Nua don Ghairmiúlacht  
Fás, Forbairt agus Foghlaim



**The Teaching Council**  
*An Chomhairle Mhúinteoireachta*

*Fás*  
*Growth*  
*Forbairt*  
*Development*  
*Foghlaim*  
*Learning*

# Clár Abhair

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir .....	2
<b>Caibidil 1</b> Comhthéacs don Phlean Straitéiseach .....	6
1.1 Cúlra .....	6
1.2 Comhthéacs Timpeallachta .....	7
<b>Caibidil 2</b> Treo Straitéiseach.....	12
<b>Caibidil 3</b> Plean Gnímh .....	16
<b>Aguisíní</b> .....	24
Próiseas d'Fhorbairt na Straitéise.....	24
Comhairliúchán .....	26

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir

A Chairde,

Déanann an Plean Straitéiseach, dar teideal Ré Nua don Ghairmiúlacht: Fás, Forbairt agus Foghlaim 2012-2014, tosaíochtaí agus treo straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta a rianadh agus é mar aidhm aige a ról suntasach maidir le saibhriú cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn a bhaint amach. Léiríonn an teideal an leanúntas foghlama lena bhfuil an Chomhairle bainteach agus tugann sé le fios a brú i dtreo ghnóthachtáil breise i ngairmiúlacht na múinteoireachta, tríd a réimse oibre.

Tagann an plean seo mar thógáil ar chéad phlean na Comhairle Múinteoireachta, Fás agus Forbairt 2008–2011, a ndearnadh a spriocanna agus a cuspóirí a bhaint amach, sa mhéid is go raibh siad laistigh d’acmhainn na Comhairle. Bhí roinnt cuspóirí a ndearnadh méid áirithe a bhaint amach leo agus leanann siad seo go fóill mar chuid de chlár oibre na Comhairle. Tá roinnt eile atá idir lámha go fóill agus atá ag brath ar chúinsí lasmuigh de smacht na Comhairle. Leanann an Chomhairle, mar chuid dá Plean Straitéiseach uasdátaithe, ag díriú ar na cuspóirí atá fós le baint amach.

Tá an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí tar éis mórghrú a chur ar an líon foirne atá faoi láthair sa Chomhairle Mhúinteoireachta. In ainneoin sin, tá an Chomhairle tacaíthe ag foireann bhainistíochta láidir agus comhtháite agus ag pearsanra den scoth atá an-tiomanta d’fheidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. De réir mar a thagann méadú ar na feidhmeanna seo sna blianta atá le teacht nuair a dhéanfar na codanna sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta nach bhfuil tús feidhme acu go fóill a chur i bhfeidhm, beidh méadú dá réir ag teastáil ar chumas agus ar acmhainní na heagraíochta lena dheimhniú go leanann an eagraíocht oiriúnach dá feidhm.

Tá fáil in aguisín leis an bplean ar an bpróiseas a bhain le forbairt na

straitéise ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas leathan comhairliúcháin a cuireadh i gcrích. Chlúdaigh sé seo ceistneoirí ar líne a chomhlánaigh múinteoirí cláraithe; comhairliúchán le baill den Chomhairle; cruinnithe fócasghrúpa le hionaduithe ó cheardchumainn na múinteoirí, le heagraíochtaí bainistíochta na scoileanna, le gníomhaireachtaí san oideachas, le hInstitiúidí Ardoideachais agus agallaimh duine-le-duine le páirtithe leasmhara; cruinnithe fócasghrúpa leis an bhfoireann; cruinnithe leis an bhfoireann sinsearach bainistíochta. D'éascair ón bpróiseas comhairliúcháin raidhse shaibhir smaointeoireachta agus eolais atá comhtháite sa phlean agus tá súil againn go dtugann sé seo úinéireacht do phobal leathan.

Críochnóidh téarma oifige na Comhairle reatha ag deireadh mhí Márta 2012 agus is tráthúil é go bhfuil an doiciméad seo, Fás, Forbairt agus Foghlaim 2012-2014, á fhoilsiú roimhe sin. Tosóidh an téarma oifige don tríú Comhairle i mí Márta 2012 agus cuirfear leis an dul chun cinn atá déanta cheana ag an gcéad dá Chomhairle. Beidh sí treoraithe ina cuid oibre ag na cuspóirí straitéiseacha a bhíonn luaite sa phlean. Is mó go mór an tionchar a bheidh ag an obair sin le páirteachas gníomhach ó mhúinteoirí agus le tacaíocht agus comhoibriú pháirtnéirí uile an oideachais thar thréimhse an phlean seo.

Guímid gach rath ar an obair.



---

Lily Cronin,  
Cathaoirleach



---

Áine Lawlor,  
Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir



*Caibidil 1*

*Comhthéacs*

*don Phlean*

*Straitéiseach*

## 1.1 Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí Márta 2006 mar an comhlacht do chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht. Is í feidhm na Comhairle Múinteoireachta ná:

- Gairm na múinteoireachta agus iompar gairmiúil múinteoirí a rialú.
- Caighdeáin a bhunú mar aon le cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin a chur chun cinn.
- Forbairt ghairmiúil mhúinteoirí (FGL) a chur chun cinn.

Tá freagraíochtaí reachtúla na Comhairle Múinteoireachta alínithe le gairm na múinteoireachta, ag tosú le hoideachas tosaigh múinteoirí agus, ina dhiaidh sin, an t-ionduchtú, an promhadh agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tugann an Chomhairle faoina dheimhniú go ndéantar caighdeáin a chaomhnú ag gach céim de ghairm na múinteoireachta ar mhaithe le daltaí agus leis an tsochaí, mar aon le cáil na gairme a chaomhnú.

Tá 37 ball neamhfheidhmiúcháin ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus iad seo ag feidhmiú go deonach. Faoi fhorálacha an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, cuirtear 22 áit ar an gComhairle in áirithe do mhúinteoirí cláraithe, agus orthu seo déantar 16 a thoghadh agus déanann na cumainn mhúinteoirí seisear a ainmniú.

Tá obair na Comhairle Múinteoireachta ama tacú ag foireann faoi cheannaireacht Príomhfheidhmeannach ar a dtugtar Stiúrthóir.

Tá maoiniú na Comhairle Múinteoireachta á sholáthar go huile agus go hiomlán ag táillí bliantúla na múinteoirí cláraithe. Ní thagann aon chistí ón Rialtas ná ó fhoinsí eile.

I mí na Samhna 2011 bhí breis agus 73,000 múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.



Chuidigh Plean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta, Fás agus Forbairt 2008-2011 leis an eagraíocht a threorú i gcur i bhfeidhm an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Chun tacú leis an eagraíocht sa tógáil ar a gnóthachtálacha faoin bplean sin, mar aon le codanna d'Acht 2001 nach bhfuil curtha i bhfeidhm a bhaint amach, tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tar éis an plean straitéiseach nua seo a fhorbairt chun treo cinnte a rianadh don eagraíocht sa tréimhse 2012-2014. Tá forléiriú le fáil ar phróiseas forbartha na straitéise san Aguisín.

## 1.2 Comhthéacs Timpeallachta

Tá athrú suntasach ag teacht ar an timpeallacht sheachtrach ina mbíonn an Chomhairle ag feidhmiú. Caithfidh an Chomhairle freagairt do na forbairtí seo, dul i bhfeidhm ar an todhchaí agus a seasamh a dheimhniú trí chodanna den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, nach bhfuil ag feidhmiú go fóill, a chur i bhfeidhm.

### Is eagraíocht sách nua í an Chomhairle Mhúinteoireachta agus níl a cumhachtaí uile curtha i bhfeidhm go fóill

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i 2006. Thug a bunú comhleanúnachas breise don ghairm agus rinneadh an mhúinteoireacht a chur ar chomhchéim le gairmeacha rialaithe eile. Déanann an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 sainról agus feidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta a rianadh. Caithfidh an Chomhairle a feidhmeanna a chur i gcrích laistigh den chreat sin.

Fáiltíonn an Chomhairle roimh chinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna le déanaí chun tús feidhme a thabhairt d'Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Deimhníonn an tAlt seo nach mbeidh ach múinteoirí cláraithe incháilithe don íocaíocht mar mhúinteoirí i scoileanna aitheanta.

Tá roinnt d'fheidhmeanna reachtúla eile na Comhairle a bhfuil tús feidhme le tabhairt dóibh go fóill le hOrdú Aire, ina measc siúd a bhaineann le hlonduchtú agus Promhadh ar mhúinteoirí nua (a bhfuil sé i gceist tús feidhme a thabhairt dóibh ar 1 Meán Fómhair 2012), Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus Oiriúnacht don Teagasc. Dá réir sin, tá forbairt agus leathnú suntasach le tarlú ar ról agus ar fhreagracht na Comhairle

Múinteoireachta sna blianta atá le teacht de réir mar a thagann na haitt ábhartha den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, i bhfeidhm. Cuirfidh sé seo brú breise ar chumas na heagraíochta tacú leis na ról nua.

### **Cruthaíonn an timpeallacht eacnamaíochta reatha dúshlán tríd an earnáil poiblí**

Tá cistí poiblí go mór faoi strus agus is mar sin a bheidh go ceann tamaill as seo amach. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta, mar chomhlacht reachtúil, faoi réir ag sriantaí na hearnála poiblí maidir le soláthar foirne cé go dtagann a maoiniú ó fhoinsí neamhspleácha. Ar bhonn níos leithne, tá na sriantaí ar mhaoiniú san earnáil poiblí ag dul i bhfeidhm ar an soláthar oideachais. Eascraíonn uaidh seo brúnna breise trasna an chórais, agus téann sé seo i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar fhostaíocht múinteoirí, ar ualach oibre agus ar oiliúint.

### **Tá déimeagrafaic na hÉireann ag athrú, agus tionchar aige seo ar mhúinteoirí agus ar an gComhairle**

Tá éagsúlachtaí móra tagtha ar dhaonra na hÉireann le deich mbliana anuas, agus tá múinteoirí ag plé le raon nua dúshlán agus deiseanna sa seomra ranga. Tá comhtháthú páistí le míchumais agus/nó le riachtanais speisialta oideachais i ranganna príomhshrutha, méadú sa líon daltaí ó chúltraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, athruithe i sochaí atá ilchineálach, athruithe i struchúir teaghlaigh agus an teacht chun cinn ar fhadhbanna sochaíoch nua ag cur le coimpléascacht an teagaisc sa 21ú haois in Éirinn. Méadaítear ar an gcoimpléascacht seo toisc go dtarlaíonn an teagasc ag an mbunleibhéal, ag an iar-bhunleibhéal agus ag leibhéal an bhreisoideachais in iliomad réimsí, agus é mar thoradh air seo go mbíonn raon leathan riachtanas laistigh agus trasna na n-earnálacha éagsúla. Eascraíonn ó na forbairtí seo ionchais mhéadaithe maidir le ról mhúinteoirí mar aon le mór-aistriú cultúrtha a éilíonn ón mhúinteoireacht anois leibhéil bhreise cumarsáide le daltaí, le comhghleacaithe, le tuismitheoirí agus le comghairmeoirí.

### **Tá an comhthéacs múinteoireachta tagtha chun cinn go mór, rud a athraíonn riachtanais scileanna agus a bhrúnn ionchais chun cinn**

Tá luas na n-athruithe sa chóras oideachais ó thús na 1990í, ar a n-áirítear curaclam athbhreithnithe, oideolaíocht agus measúnú ag an

mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon, mar aon leis an luas ar athruithe reachtúla san earnáil oideachais, ag dul i bhfeidhm go mór ar an múinteoireacht. I measc na n-athruithe seo tá:

- Teacht i láthair *Aistear*<sup>1</sup>, creat nua don oideachas luath-óige, a thugann fócas d’obair mhúinteoirí sna ranganna sóisearacha sa bhunscoil.
- Déanann *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030* ón Rialtas aird a dhíriú ar na dúshláin agus na riachtanais a eascraíonn ag gach céim de chontanam oideachais múinteoirí agus múinteoirí á n-ullmhú do mhúineadh na Gaeilge.
- Díríonn *An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i Measc Leanaí agus Daoine Óga 2011–2020* aird ar na dúshláin a eascraíonn don litearthacht agus don uimhearthacht, agus na forbairtí is gá chun cur le scileanna múinteoirí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta.
- Bíonn ról lárnach ag na teicneolaíochtaí nua agus ag na meáin shóisialta sna bealaí cumarsáide agus foghlama a bhíonn ag daoine óga agus tá sé seo ag dul i bhfeidhm ar sholáthar an oideachais ag gach leibhéal.
- Tá an aird ar chuimsiú sóisialta, luath aitheantas ar pháistí le deacrachtaí foghlama, ilchultúrachas, páirtnéireacht le tuismitheoirí agus TEC mar ghnéithe a bhfuil suntas méadaithe ag baint leo.

---

<sup>1</sup> *Aistear*: Rinne An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an *Creat Curaclam Luath-Óige* a fhorbairt i gcomhpháirt le hearnáil na luath-óige. Foilsíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2009.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta airdeallach faoin gcomhthéacs éabhlóideach dinimiciúil seo don mhúinteoireacht, ina bhfuil tuiscintí agus léargais nua tagtha chun cinn i raon gnóthaí ar a n-áirítear oideolaíocht, curaclam, measúnú, foghlaim dhaonna, oideachas luath-óige agus oideachas múinteora.

Go hachomair, mar sin, éilíonn an teacht chun cinn ar eolas, ar thuiscintí agus ar léargais nua ar an gcuraclam, ar oideolaíocht, ar mheasúnú agus ar fhoghlaim mhúinteoirí, mar aon leis an tapú ar luas athchóirithe sochaí, reachtúla, rialaithe agus oideachasúla, agus an méadú i gcoimpléascacht ról mhúinteoirí go mbogfadh an mhúinteoireacht isteach i ré nua gairmiúlachta. Cruthaíonn na gnóthaí seo comhthéacs tábhachtach freisin don treo straitéiseach don Chomhairle Mhúinteoireachta.

*Caibidil 2*

*Treo*

*Straitéiseach*

## Treo Straitéiseach

Déanann an chuid seo cur síos ar threo straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta sa todhchaí i gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna a thagann óna timpeallacht.

Léiríonn ár ráiteas físe ardmhian iomlán na Comhairle Múinteoireachta. Feidhmíonn sé mar bhonnlíne óna ndéantar ár Straitéis a fhorbairt.

### FÍS

Treorú na múinteoireachta chuig ré nua don ghairmiúlacht

Cuireann ár ráiteas misin ár gcuspóir in iúl agus tugann sé léiriú orainn, ar a mbíonn á dhéanamh againn agus orthu siúd ar a mbímid ag freastal.

### MISEAN

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an mhúinteoireacht a rialú agus gairmiúlacht a chothú ar mhaithe le leas an phobail.

- Déanaimid múinteoirí a ghlacadh isteach sa ghairm tríd an gclárú.
- Déanaimid caighdeáin a aithint d’oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairm na múinteoireachta.
- Déanaimid caighdeáin a bhunú do chumas agus iompar gairmiúil.
- Déanaimid gearáin i gcoinne múinteoirí cláraithe a iniúchadh.

Ar mhaithe le hoibriú i dtreo na físe a bhaint amach agus ár misean a chomhlíonadh, rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta sé chuspóir straitéiseacha a aithint a thugann, i dteannta a chéile, sainmhíniú d'fhócas na heagraíochta do na trí bliana atá le teacht. Tugtar míniú níos iomláine ar gach cuspóir sa chéad chuid eile.

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- 1 Tús feidhme a bhaint amach láithreach do na codanna sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil i bhfeidhm go fóill.
- 2 Ardchaighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chothú do gach céim de ghairm mhúinteora.
- 3 Ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta a chothú mar an comhlacht rialaithe agus an comhlacht do chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht.
- 4 An fhorbairt ar ghairm na múinteoireachta a threorú.
- 5 Díospóireacht náisiúnta a thosú ar an acmhainneacht don athchoincheapú ar an gcóras oideachais i dtreo taithí feabhsaithe ar theagasc agus ar fhoghlaim in ár scoileanna a bheidh níos oiriúnaí don 21ú hAois.
- 6 Cumas na heagraíochta a fhorbairt chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.





*Caibidil 3*

*Plean*

*Gnímh*

## Plean Gnímh

Do gach cuspóir straitéiseach, tá sainghníomhaíochtaí agus tascanna leagtha amach a chuirfidh le hiad a bhaint amach. Déantar na gníomhaíochtaí sin a chur i láthair ar ardleibhéal, agus léiriú tugtha ar na mór-réimsí oibre faoi gach cuspóir. Beidh léiriú níos iomláine le fáil ar na gníomhaíochtaí uile sa Phlean Gnó Bliantúil agus sa phróiseas leanúnach ar an gcur i bhfeidhm.

Cuireann na gníomhaíochtaí straitéiseacha seo a leanas in iúl na gníomhaíochtaí ardleibhéal ea ba chóir a chur i bhfeidhm laistigh de gach réimse oibre.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Tús feidhme a bhaint amach láithreach do na codanna sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil i bhfeidhm go fóill

#### Cuspóir Straitéiseach 1 mínithe:

Tá an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 mar bhunchloch do ról agus d'fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta. Tá an cur i bhfeidhm ar chodanna an Achta (Alt 30, Cuid 5, agus Alt 39) mar riachtanas d'fheidhmiú éifeachtach na Comhairle Múinteoireachta. Dá bhrí sin, is cuspóir tábhachtach don Chomhairle Mhúinteoireachta cuidiú agus tacú lena cur i bhfeidhm go tráthúil.

#### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 1.1 Leanúint leis an teagmháil leis an Aire agus le hoifigigh Roinne chun tús feidhme a bhaint amach láithreach do na hailt sin den Acht atá fós gan feidhmiú.
- 1.2 Béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcodanna sin den Acht atá fós gan feidhmiú in aon chumarsáidí a bhíonn pleanáilte.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

### Ardchaighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chothú do gach céim de ghairm mhúinteora

#### Cuspóir Straitéiseach 2 mínithe:

Bhí príomhfhócas na Comhairle Múinteoireachta dírithe go dtí seo ar Chlár na Múinteoirí a bhunú, ar rialacháin clárúcháin agus ar chóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a fhorbairt, mar aon le polasaí a fhorbairt ar an leanúntas in oideachas múinteoirí. De réir mar atá ina polasaí ar an leanúntas in oideachas múinteoirí, tá tús curtha ag an gComhairle le hathbhreithniú agus creidiúnú ar chlár oideachas tosaigh múinteoirí agus tá critéir agus treoirlínte bunaithe do sholáthróirí don athchoincheapú ar a gclár. Sna blianta atá le teacht, leathnóidh an ról in oideachas múinteoirí chuig ionductú agus FGL do mhúinteoirí. Nuair a thagann Cuid 5 (Oiriúnacht don Teagasc) i bhfeidhm leathnóidh ról na Comhairle freisin chuig réimse na hoiriúnachta don teagasc.

#### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 2.1 Rialacháin clárúcháin athbhreithnithe a fhoilsiú.
- 2.2 Critéir don iontráil chuig clár don Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) a athbhreithniú.
- 2.3 Creat inniúlachta do gach céim de ghairm na múinteoireachta a bhunú.
- 2.4 Creat don ionductú agus don phromhadh (ar a n-áirítear nósanna imeachta agus critéir) a bhunú.
- 2.5 Clár don OTM a athbhreithniú agus a chreidiúnú de réir mar a oireann.
- 2.6 Creat don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) (ar a n-áirítear nósanna imeachta agus critéir) a bhunú.
- 2.7 Cód Iompar Gairmiúil athbhreithnithe a fhoilsiú agus a chur chun cinn.

- 2.8 Seiceáil an Gharda ar mhúinteoirí cláraithe nár seiceáladh cheana, a éascú.
- 2.9 Oiriúnacht don Teagasc ag múinteoirí cláraithe a iniúchadh de réir mar a oireann.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta a chothú mar an comhlacht rialaithe agus an comhlacht do chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht

#### Cuspóir Straitéiseach 3 mínithe:

Tá mór-iarrachtaí déanta chun ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta a chur chun cinn. Léiríonn an t-aischothú ó na páirtithe leasmhara go gcaithfear iarracht i bhfad níos mó a dhéanamh lena dheimhniú go n-éiríonn leis an gComhairle Mhúinteoireachta a teachtaireacht a chur in iúl do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara eile. Beidh cuid den dúshlán seo bainteach le straitéis chumarsáide a fhorbairt a bhíonn dírithe ar shainriachtanais gach pobal ar leith.

#### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 3.1 Sceideal a fhorbairt don rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun cumarsáid réamhghníomhach a mhealladh ar ghnóthaí ábhartha.
- 3.2 Straitéis chumarsáide a fhorbairt chun ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht do chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn. D'fhéadfadh a leithéid seo a leanas a bheith san áireamh:
  - Tógáil ar an rath a bhain le Scéim na nDaoine Teagmhála.
  - Láithreán gréasáin na Comhairle a úsáid mar lár-ardán.
  - Podchraoladh / gearrthóga físe a úsáid.

- Níos mó úsáide a bhaint as cumarsáidí leictreonacha ar nós E-nuachtlitreacha / teachtaireachtaí téacs.
  - Uasdhátú bliantúil a thabhairt do mhúinteoirí.
  - An Tuarascáil Bhliantúil mar aon leis an Iris Staitisticí a chur chun cinn.
  - Feachtais bholscaireachta chun tógáil ar fheasacht mac léinn mar atá cheana.
- 3.3 Saineolaithe breise PR a fhostú chun tacú leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann straitéis chumarsáide a chur i bhfeidhm.
- 3.4 Suirbhéanna a dhéanamh go rialta chun tuiscint mhúinteoirí ar ról na Comhairle a mheas.
- 3.5 Clár comhdhálacha, seimineár agus seisiúin eolais a fhorbairt chun próifíl na Comhairle Múinteoireachta a fhorbairt agus chun tógáil ar an luach a bhaineann le teagmháil duine-le-duine.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

### An fhorbairt ar ghairm na múinteoireachta a threorú

#### Cuspóir Straitéiseach 4 mínithe:

Tá an t-ádh leis an gComhairle Mhúinteoireachta sa mhéid is go mbíonn ar a cumas a bheith i dteagmháil lena líon mór páirtithe leasmhara ó lá go lá. Cuidíonn sé seo leis an gComhairle Mhúinteoireachta deiseanna a aithint agus straitéisí a fhorbairt a chuideoidh leis an múinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn.

#### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 4.1 Taighde a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fhorbairt na gairme (taighde comparáideach le comhlachtaí gairmiúla agus rialála san áireamh).

#### 4.2 Taighde a dháileadh ar pháirtithe leasmhara

- Comhdhálacha / seimineáir / seisiúin eolais a reáchtáil chun:
  - Taighde a chur i láthair
  - Taighde a chur chun cinn
  - Príomhréimsí a gcaithfear plé leo a aithint
- Stór a fhorbairt don taighde ar ghairm na múinteoireachta.

4.3 Plé go gníomhach le comhlachtaí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun eolas a sholáthar don fhorbairt ar ghairm na múinteoireachta, ar a n-áirítear an dearadh ar chéimeanna an dul chun cinn agus ar réimsí speisialtóireachta sa ghairm.

4.4 Plé le hInstitiúidí Ardoideachais agus eile chun pleanáil don chreidiúnú ar chlár FGL.

4.5 Doiciméid polasaí agus comhairleach oiriúnacha a fhorbairt a fheidhmeoidh mar ionchur don fhorbairt ar ghairm na múinteoireachta.

4.6 Ráitis phoiblí eolasacha a dhéanamh faoi ghairm na múinteoireachta.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

Díospóireacht náisiúnta a thosú ar an acmhainneacht don athchoincheapú ar an gcóras oideachais i dtreo taithí feabhsaithe ar theagasc agus ar fhoghlaim in ár scoileanna a bheidh níos oiriúnaí don 21ú hAois

### Cuspóir Straitéiseach 5 mínithe:

Baineann téarma léaslíne níos faide leis an gcuspóir seo ná tréimhse na straitéise 2012–2014. I ngeall ar a ról go lárnach i ngairm na múinteoireachta, agus a rannpháirtíocht le heagraíochtaí den chineál céanna i dtíortha eile, tá ar chumas na Comhairle Múinteoireachta dul i bhfeidhm go láidir ar threo agus ar fhorbairt an chórais oideachais in Éirinn sa todhchaí.

### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 5.1 Taighde a bhailiú agus a anailísiú a bhíonn dírithe ar:
  - An córas oideachais in Éirinn mar atá faoi láthair
  - Córais idirnáisiúnta a bhfuil ardghnóthachtálacha acu
  - Na himpleachtaí féideartha d'Éirinn a aithint.
- 5.2 Torthaí taighde a chur ar fáil agus plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara eile, ar mhaithe le:
  - Impleachtaí don mhúinteoireacht a iniúchadh
  - Féidearthachtaí don athrú a aithint
  - Comhairle a chur ar an Aire de réir mar is cuí
  - Feidhmiú mar thathantóir don athrú.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

Díospóireacht náisiúnta a thosú ar an acmhainneacht don athchoincheapú ar an gcóras oideachais i dtreo taithí feabhsaithe ar theagasc agus ar fhoghlaim in ár scoileanna a bheidh níos oiriúnaí don 21ú hAois

### Cuspóir Straitéiseach 6 mínithe:

Is den riachtanas é go mbeadh na hacmhainní agus na struchtúir chuí ag an gComhairle chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a bhaint amach. Ag am foilseacháin, tá soláthar foirne na Comhairle Múinteoireachta easnamhach go suntasach. Déanann Cuspóir a 6, mar aon leis na gníomhaíochtaí a thacaíonn leis, pleananna na heagraíochta a rianadh lena dheimhniú go ndéantar na hacmhainní agus na struchtúir is gá a aithint agus a chur ar fáil. Beidh príomhthosaíocht ag an gcuspóir seo i ngeall ar an tábhacht a bhaineann leis do chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh trí chéile.

### Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

- 6.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar foirne fhoirniú, ar struchtúir, ar phróisis agus ar nósanna imeachta na heagraíochta chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh.
- 6.2 An fhoireann is gá a fháil chun tacú le feidhmeanna na Comhairle faoi láthair agus sa todhchaí.
- 6.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas na Comhairle Múinteoireachta lena héifeachtacht agus a héifeachtúlacht a dheimhniú.
- 6.4 A dheimhniú go mbíonn na hacmhainní airgeadais cuí ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus na riachtanais acmhainne a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.



*Aguisíní*

## Aguisín 1 Próiseas Forbartha na Straitéise

Rinne Prospectus Strategy Consultants éascú ar Phróiseas Forbartha na Straitéise agus rinne foireann bhainistíochta shinsearach na Comhairle Múinteoireachta é a bhrú chun cinn. Críochnaíodh an Próiseas Forbartha don Straitéis sa tréimhse ó Márta go hlúil 2011 agus ba iad na tréithe a bhain leis seo ná:

- Cruinnithe leis an bhfoireann ardbhainistíochta, agus é seo éascaithe ag Prospectus. San áireamh bhí:
  - Ceardlann 1: Tús
  - Ceardlann 2: Comhthéacs Timpeallachta, Fís agus Misean
  - Ceardlann 3: Cuspóirí Straitéiseacha
  - Ceardlann 4: Gníomhaíochtaí agus Plean don Chur i bhFeidhm
- Dhá fhócasghrúpa foirne
- Dhá cheistneoir ar líne curtha chuig Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoireachta agus chuig Cláraithe na Comhairle Múinteoireachta, ónar tháinig aischothú ó 614 múinteoirí cláraithe
- Agallaimh duine-le-duine le 14 páirtithe leasmhara
- Ceithre fhócasghrúpa le ceardchumann, gníomhaireachtaí san oideachas, eagraíochtaí bainistíochta, agus Institiúidí Ardoideachais a fuair aischothú ó 36 duine aonair
- Plé leis an gComhairle
- Faomhadh na Comhairle.

Cuirtear forléiriú an phróisis i láthair thíos:



## Aguisín 2 Comhairliúchán

Tugadh go fairsing faoin gcomhairliúchán mar chuid den phróiseas don Phleanáil Straitéiseach. Cuireadh agallaimh ar na páirtithe leasmhara seo a leanas chun a dtuairimí a fháil ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus ar na deiseanna agus na dúshláin a bheidh ann don eagraíocht sna trí bliana atá le teacht.

Pléadh faoi rún leis an aischothú go léir ón bpróiseas comhairliúcháin. Rinneadh príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl don Choiste Stiúrtha faoi cheannteidil theimacha.

### Agallaimh duine-le-duine:

Tugadh cuireadh do 16 daoine aonair páirt a ghlacadh in agallaimh duine-le-duine. Rinneadh agallaimh ina dhiaidh sin le hionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas:

EAGRAÍOCHT
General Teaching Council for Scotland (GTCS)
Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
Eagraíocht Bhainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
Coláiste na Tríonóide Átha Cliath
Coláiste Ollscoile Chorcaí
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)
Coláiste Mhuire gan Smál
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)
JP McDowell Solicitors

### Fócasghrúpaí:

Rinneadh sé sheisiún a thionól d'fhócasghrúpaí, dhá cheann leis an bhfoireann agus ceithre cinn le heagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara seachtracha. Tugadh cuireadh do 63 páirtithe leasmhara ar an iomlán freastal ar sheisiúin na bhfócasghrúpaí. Astu seo, d'fhreastail 36 ar an lá. Orthu siúd a bhí i láthair bhí ionadaíocht ag na heagraíochtaí seo a leanas:

EAGRAÍOCHT
Cumann Múinteoirí na hÉireann (INTO)
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
Cumann na Meánmhúinteoirí na hÉireann (ASTI)
Coláiste Mhuire gan Smál
Coláiste Phádraig Naofa, Dúrlas Éile
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
Coláiste Montessori San Nioclás Éire
Coláiste Hibernia
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
Institiúid Oideachais Mater Dei
Ollscoile Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
CIT Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford
Bord Bhunoideachais na Moslamach (MPEB)
Cumann Náisiúnta na mBord Bhainistíochta san Oideachas Speisialta
Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)
An Clár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí - Bunleibhéal
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)

EAGRAÍOCHT
An tSeirbhís d'Fhorbairt Ghairmiúil Mhúinteoirí (PDST)
An Chomhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta (NCSE)
UCD – An Clár Náisiúnta d'Ionduchtú Mhúinteoirí – Iar-Bhunleibhéal
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
An Lárionad do Threoirghairm san Oideachas (NCGE)
Údarás Náisiúnta Cáilíochta na hÉireann (NQAI)
Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (ATECI)
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)